



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2025**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Nascmhodúil – Páipéar Scríofa**

**Comhleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

| Siombail                                                                          | Ainm          | Úsáid                                            |
|-----------------------------------------------------------------------------------|---------------|--------------------------------------------------|
|  | 0             | Freagra mícheart                                 |
|  | Cuir tic ar 1 | Eolas ábhartha<br>1 mharc ag gabháil leis        |
|  | Cuir tic ar 2 | Eolas ábhartha<br>2 mharc ag gabháil leis        |
|  | V Corrach     | Leathanach/pointe feicthe ag<br>an scrúdaitheoir |

| Roinn A    | Closamharc                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | 30 marc                       |
|------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------|
| <b>C.1</b> | Ainmnigh bainisteoir an tsiopa carthanachta.<br>Aoife O' Neill                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 | <b>1 mharc</b>                |
| <b>C.2</b> | Cén fáth ar cheap an múinteoir gur smaoineamh maith é cainteoir ó eagraíocht charthanachta a fháil?<br><br>1. Beidh an t-airgead a bhaileofar ag dul ar ais isteach sa phobal áitiúil<br>2. Bhí daoine ó ghnólachtaí áitiúla isteach acu cheana                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                | <b>2 mharc<br/>(0/2)</b>      |
| <b>C.3</b> | Mínigh an fáth ar ghlac an bainisteoir leis an gcuireadh chun labhairt leis an rang GCAT.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | <b>3 mharc<br/>3@1m</b>       |
| <b>C.4</b> | Liostaigh na poist a bhaineann leis an siopa carthanachta.<br><br>1. Na fuinneoga a mhaisiú<br>2. Na taispeántais urláir a ullmhú<br>3. Margaíocht agus fógraíocht ar líne<br>4. Sreabhadh airgid<br>5. Stocáireamh                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | <b>2 mharc<br/>2@1m</b>       |
| <b>C.5</b> | Mínigh an tairbhe a bhaineann na scoláirí as obair dheonach a dhéanamh.<br><br>1. Is bealach iontach é chun taithí oibre a fháil, bíonn na huaireanta oibre solúbtha<br>2. Faigheann siad taithí ar bheith ag obair i roinnt réimsí éagsúla- obair chruthaitheach/margaíocht/conas gnó a reáchtáil<br>3. Scil nua a fhoghlaim/obair foirne/cumarsáid/réiteach fadhbanna/bainfidh siad tairbhe as oiliúint ar shláinte agus sábháilteacht/láimhsiú sábháilte<br>4. Cairde nua a dhéanamh/bualadh le daoine nua<br>5. Tugtar ardú meanman dóibh/trí bheith ag cuidiú le daoine/féinmhuinín/bródúil<br>6. Is féidir leo an obair a chur ar a CV/ cuma mhaith ar CV/ is féidir léi cuidiú leo post a fháil amach anseo<br>7. Tuiscint a fháil ar phobal agus ar riachtanais daoine | <b>4 mharc<br/>2@2m (1+1)</b> |

- C.6** (i) Céard iad na hacmhainní atá ag teastáil don chur i láthair?  
(ii) Cén fáth a bhfuil sé tairbheach TFC a úsáid agus cur i láthair á dhéanamh?  
**6 mharc**
- (i) **2@1m**
1. Ríomhaire glúine
  2. Teilgeoir sonraí
  3. USB
  4. Nótaí
- (ii) **2@2m (1+1)**
1. Coinníonn sé an cainteoir ar an mbóthar ceart/ leideanna amhairc don chainteoir/níos fusa toisc gur féidir leat léamh ón gcur i láthair
  2. Cuireann an taispeántas sleamhnán (PowerPoint) na príomhphointí in iúl don lucht féachana/cuireann sé eolas in iúl go héifeachtach/léiríonn sé eolas go soiléir
  3. Cruthaíonn sé leideanna amhairc tarraingteacha don lucht féachana / feabhsaíonn sé rannpháirtíocht/tuiscint an lucht féachana / tarraingíonn sé a n-aird
  4. Áisiúil mar gur féidir an cur i láthair a ullmhú roimh ré agus a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as USB
  5. Cuidíonn sé le taighde a dhéanamh agus an cur i láthair á ullmhú/ déanann sé an cur i láthair níos gairmiúla
  6. Inbhuanaitheacht / costas na priontála laghdaithe
- C.7** Conas is féidir le hobair dheonach cur le scileanna sóisialta agus le rannpháirtíocht sa phobal?  
**6 mharc**  
**3@2m (1+1)**
1. Caidreamh sóisialta méadaithe: Caidreamh a dhéanamh leis an bpobal/ cuireann sé le caidreamh méadaithe / cairde agus naisc nua a dhéanamh / líonrú / scileanna idirphearsanta a fheabhsú
  2. Tuiscint ar an bpobal: Tuiscint a fháil ar riachtanais an phobail / áit níos fearr a dhéanamh de do gach duine / fadhbanna réadúla sa cheantar áitiúil a réiteach
  3. Comhoibriú foirne: Cuidíonn sé le scileanna a fhorbairt / réiteach coimhlinte / comghéilleadh srl./ Tuiscint a fháil ar an obair a dhéantar i siopa carthanais / oibriú i ngrúpaí / foghlaim conas tacú lena chéile
  4. Mothú muintearais a thógáil / cuidíonn sé le daoine mothú níos nasctha lena bpobal / daoine eile a spreagadh páirt a ghlacadh
  5. Feabhsaítear cumarsáid: foghlaimíonn tú conas labhairt agus éisteacht ar bhealach níos fearr trí bheith ag obair le daoine eile
  6. Forbairt phearsanta agus ghairmiúil: ionbhá agus atrua / muinín / féinmhuinín / réiteach fadhbanna / inoiriúnaitheacht / scileanna ceannaireachta / mothú go bhfuil rud éigin fiúntach déanta agat

**C.8** Cén fáth ar sampla maith é an siopa carthanachta d'fhiontar sóisialta? **6 mharc**  
**3@2m (1+1)**

1. Is gnólacht é Fiontar Sóisialta: Gineann sé ioncam a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil chun dul i ngleic le fadhbanna ina bpobal
2. Úsáid Mhaoinithe: Mhaoinigh an siopa carthanais caifé óige, bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí don teach altranais agus tionscadail eile i gcaitheamh na mblianta
3. Faoi thionchar cuspóirí: Déantar cistí barrachais a athinfheistiú chun cuspóirí sóisialta a bhaint amach seachas brabús a uasmhéadú d'úinéirí
4. Tacaíocht Phobail: ag brath ar thabhartais / feabhas a chur ar shaol daoine / acmhainní / airgead / comhairleoireacht a chur ar fáil
5. Fostaíonn sé foireann: deiseanna fostaíochta agus oibre deonaí a chur ar fáil / ag cuidiú le daoine taithí oibre a fháil / d'fhéadfaí oiliúint scileanna nó oiliúint uas-scilithe a fháil
6. Tairbhe don chomhshaol: athchúrsáil a chur chun cinn agus dramhaíl a laghdú / feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht
7. Earraí inacmhainne: earraí ar phraghas réasúnta a chur ar fáil / éadaí athláimhe a dhíol

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---------|--------------|---------|
|---------|--------------|---------|

**C.1** Sainaithin bua amháin, laige amháin, deis amháin agus bagairt amháin i mbaile Ghleann na hAille.

**6 mharc  
(2+2+1+1)**

- (i) **Bua:** suíomh, turasóireacht, saoráidí oideachais, coiste gníomhach sa bhaile, sochaí stairiúil ghníomhach, nascacht ar mhótarbhealach le dhá bhaile mhóra, páirc ghnó/nuálaíochta
- (ii) **Laige:** brú tráchta, na haonaid ghnó a líonadh, gníomhaíocht ghnó á laghdú sna haonaid/spleáchas ar ghníomhaireachtaí seachtracha
- (iii) **Deis:** acmhainneacht fáis san earnáil chógaisíochta/bhia / sa líne iarnróid atá as úsáid, baile aoisbháúil, forbairt suíomhanna stairiúla, imeachtaí agus féilte, deis don IDA/EI fiontair chuí a fhoinsiú do na haonaid ghnó/deiseanna oideachais eile a forbairt, mar shampla, printíseachtaí/smaointe a fháil ón gcomhairliúchán poiblí
- (iv) **Bagairt:** iomaíocht ó bhailte eile, maoiniú, daonra atá ag dul in aois, an tionchar an phlódaithe tráchta / an baile a bheith neamh-inrochtana / laghdú ar líon na gcustaiméirí, ar dhíolacháin agus ar earcaíocht foirne / dálaí eacnamaíocha éiginnte

**C.2** (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh taighde margaidh á dhéanamh ag an gcoiste?

**3 @ 1m**

1. Chun eolas cothrom le dáta a bhailiú / spriocanna a leagan síos
2. Chun ábhair imní áitiúla a shainaithint
3. Chun moltaí a fháil
4. Chun léargas ar iompar custaiméirí a fháil
5. Chun leanúint de bheith iomaíoch
6. Chun cinntí eolasacha a dhéanamh
7. Chun riosca a bhainistiú
8. Chun rathúlacht a thomhas

- (ii) Déan cur síos ar thrí shlí ar féidir tuairimí mhuintir Ghleann na hAille a fháil mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí. **3@ 2m (1+1)**

Leathnú bailí ag teastáil / gan athrá ar bith

1. Suirbhé/Ceistneoir
2. Agallamh/ceisteanna díreacha
3. Fócasghrúpa/plé
4. Ardáin meán sóisialta
5. Cruinnithe poiblí
6. Bosca Moltaí

- (iii) As na slite a ndearna tú cur síos orthu i gcuid (ii) thuas, cén bealach is éifeachtaí dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. 3 chúis **3 @ 1m**

Is féidir tagairt dóibh seo a leanas i do fhreagra:

1. Cost-éifeachtúil
2. Cáilíocht an eolais a fhaightear
3. D'fhéadfaí ceisteanna eile a iarraidh / solúbthacht chun raon leathan ceisteanna a chur
4. Luas/ bailiú sonraí tapa / torthaí
5. Freagraí ó shampla mór / ráta freagartha
6. Bailíocht/iontaofacht
7. Is furasta é a líonadh
8. Inrochtana
9. Anaithnid

- C.3 (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara i dtionscadail nuair atá plean gnímh á fhorbairt? **4 mharc****

**2@2m (1+1)**

1. Is foinse luachmhar eolais iad / bíonn tuiscint ar an bhfadhb acu
2. Chun cuidiú le rioscaí seachtracha a shainaithint agus a rialú / chun rath an tionscadail a chinntiú mar go sainaithnítear go luath fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann a d'fhéadfadh sé nár tugadh faoi deara iad
3. Is féidir leis a bheith mar bhonn le comhoibriú / cinnteoireacht éifeachtach amach anseo
4. Braistint úinéireachta níos fearr a chruthú / caidrimh láidre a thógáil / an fhéidearthacht a laghdú go mbeadh coinbhleacht/frithsheasmhacht in aghaidh athraithe ann
5. Chun muinín agus trédhearcacht a thógáil trína léiriú go bhfuil an próiseas cothrom
6. Is féidir le páirtithe leasmhara monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agus cuidiú lena chinntiú go bhfanann an tionscadal ar an mbóthar ceart

- (ii) Rinne muintir na háite moltaí chun lár an bhaile a fheabhsú. Sainaithin moladh sonrach **amháin** a d'fhéadfadh muintir na háite a dhéanamh agus forbair plean gnímh do do mholadh. Moladh - **1m**

1. Laghdú ar phlódú tráchta
2. A bheith ina bhaile aoisbháúil
3. Imeachtaí/féilte a eagrú
4. Cur chun cinn an taistil ghníomhaigh / fabhrach do choisithe/do rothair / feabhsuithe bonneagair
5. Cuireann sé gnólachtaí áitiúla chun cinn - scéim dearbhán baile a thabhairt isteach
6. Spásanna poiblí feabhsaithe
7. Gnólachtaí/cónaitheoirí a mhealladh go maointe folmha
8. Na scoileanna a athlonnú taobh amuigh den bhaile
9. Srl

**5 @ 1m**

#### **NÍ BHRONNTAR MARC AR BITH AR CHEANNTÉIDIL**

##### **Plean Gníomhaíochta:**

1. Aidhmeanna/Cuspóirí
2. Modhanna taighde
3. Anailís ar thaighde
4. Acmhainní/céimeanna gníomhaíochta
5. Sceideal ama
6. Costálacha/airgeadas
7. Modhanna meastóireachta

- (iii) Cén fáth a ndéanadh muintir Ghleann na hAille a bplean gnímh a mheas?

**2 mharc 2 @ 1m**

1. Chun féachaint ar bhain siad a n-aidhmeanna / a gcuspóirí amach / cé na rudaí ar éirigh go maith leo
2. Chun a fháil amach cé na rudaí nár éirigh go maith leo agus cén fáth
3. Chun breithiúnais a thabhairt maidir leis an bplean gníomhaíochta / cad é an beart ceartaitheach atá le déanamh
4. Chun eolas a dhéanamh de chinntí amach anseo

|                |                              |                 |
|----------------|------------------------------|-----------------|
| <b>Roinn C</b> | <b>Ceisteanna Ginearálta</b> | <b>100 marc</b> |
|----------------|------------------------------|-----------------|

**C.1 Déan machnamh ar do cheantar áitiúil.**

- (a) Luaigh dhá chúis, dar leat, a bhfuil do scoil lonnaithe san áit a bhfuil sí. **4 marc**  
**2@2m (0/2)**

1. I mbaile / daonra mór scoláirí
2. Gar do ghréasán bóithre / gan a bheith gar do phríomhbhóithre
3. Gar do shaoráidí, leabharlann, halla an bhaile, ionaid pobail
4. Inrochtana go héasca do scoláirí, ag siúl, ag rothaíocht, bealach bus maith
5. Traidisiún sa cheantar/ann i gcónaí
6. Srl

- (b) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le háiseanna fóillíochta agus le gníomhaíochtaí eagraithe do dhéagóirí i gceantair áitiúla. **4 marc** **2@2 (1+1)**  
**+ leathnú bailí**

1. Laghdaíonn siad iompar míshóisialta m.sh. loitiméireacht / síománaíocht, srl.
2. Cuireann siad le folláine coirp / feabhsaíonn siad aclaíocht agus sláinte chardashoithíoch / codladh feabhsaithe
3. Cuireann siad le folláine mheabhrach / laghdaíonn siad strus / bíonn rud éigin le déanamh acu
4. Cuireann siad le forbairt scileanna sóisialta / eispéiris chomhroinnte / caidrimh níos fearr / cothaíonn siad muintín / féinmhuinín / mothú muintearais
5. Forbraíonn siad scileanna tógála foirne a chuideoidh leo amach anseo
6. Scileanna/cáilíochtaí pearsanta forbartha nó foghlamtha
7. Srl

- (c) Teastaíonn ó ghrúpa i do cheantar áitiúil áiseanna do dhaoine óga a fheabhsú.  
Dear ceistneoir, a bhfuil cúig cheist ann, a d'úsáidfadh an grúpa seo chun taighde a dhéanamh. **(8 marc)**

Leagan amach: Ceannteideal / éagsúlacht stíleanna ceisteanna / treoracha **3 @ 1 marc**

Ceisteanna: 5 cheist ag teastáil **5 @ 1 marc**

- (d) Céard iad na gnéithe ar ghá don ghrúpa i gcuid (c) machnamh a dhéanamh orthu chun a bheith cinnte go mbeadh rath ar an taighde? **9 marc**  
**3@3m (1+1+1)**

1. Amlíne/céimeanna: pleanáil chun tosaigh/ breac-chuntas a thabhairt ar chéimeanna taighde/sceideal ama/amlíne réadúil
2. Ceisteanna: sainithe go soiléir / cuireann siad fócas ar fáil / cúng / sonrach / infhreagartha / seachnaítear claonadh
3. Spriocfhreagróirí: spriocghrúpa/méid an tsampla/raon aoise/dreasachtaí/
4. Suíomh/modh dailte: ardáin ar líne / an suíomh ceart ina bhfeicfidh an spriocghrúpa é / am cuí
5. Na sonraí a chur i dtoll a chéile agus a anailísiú: ceanglais teicneolaíochta/sonraí a bhailiú/a léirmhíniú/teacht ar chonclúidí
6. Costas/na hacmhainní a theastaíonn: páipéarbhunaithe/priontáil/costais seolta/riachtanais na bhfreagróirí/pearsanra/bogearraí

**C.2 Iarradh ort imscrúdú gairme de do rogha féin a dhéanamh.**

**(a) (i) Ainmnigh dhá ábhar Ardteistiméireachta a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu.**

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a chabhraigh na hábhair sin leat do thaithí oibre a chur i gcrích.**

**4 mharc**

**(i) Dhá ábhar**

**2 mharc**

**2@1m**

**(ii) Imlíne**

**2 mharc**

**2@1m**

**(b) Liostaigh trí thréith a lorgaíonn fostóirí agus iarrthóirí ar phoist á meas acu.**

**Mínigh an fáth, dar leat, a bhfuil gach tréith tábhachtach. 6 mharc 3@2m (1+1)**

1. Duine dícheallach/ táirgiúil, bíonn daoine táirgiúla, dícheallacha níos fearr do ghnólacht
2. Ionraic/iontaofa: tá sé riachtanach go ndéanfadh oibrithe lá cothrom oibre dá bpá. Ní ghoideann sé ó fhostóir/dílis
3. Cumarsáidí maith/ ní mór do dhuine aonair a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le bainisteoirí/ le hoibrithe eile agus le custaiméirí
4. Inoiriúnaitheacht
5. Iontaofa/poncúil
6. Feidhmiú as a stuaim féin: teastaíonn oibrithe ó fhostóirí ar féidir leo oibriú leo féin agus nach dteastaíonn treoir leanúnach uathu/meon dearfach
7. In ann fadhbanna a réiteach/an chaoi a dtéann siad i ngleic le dúshlán
8. Imreoir foirne/príomhghné d'ionad oibre/cúraimí sannta a dhéanamh laistigh d'fhoireann/toilteanas a sciar féin a dhéanamh
9. Srl

**(c) Déan cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do thaithí oibre/scáthfhoghlaím ar an ngairm a roghnóidh tú.**

**6 mharc**

**3@2m (1+1)**

1. Is féidir léi cuidiú le cinneadh a dhéanamh maidir le gairm bheatha a roghnú/ag iarraidh nó gan a bheith ag iarraidh gairm bheatha a shaothrú tar éis dóibh an scoil a fhágáil/an chonair ghairme a phleanáil
2. Taithí a fháil ar an gcineál oibre a bhaineann leis an ngairm bheatha / thaitin an obair liom nó níor thaitin sí liom
3. Eolas faighte faoi dheiseanna fostaíochta/pá/uaireanta oibre/dálaí oibre
4. Tugann sí léargas ar an iompar/dearcadh a bhfuiltear ag súil leis sa phost ar leith
5. A fháil amach cé na scileanna/na cáilíochtaí a theastaíonn don ghairm bheatha seo/na scileanna/cáilíochtaí sin a bheith agat nó gan a bheith agat
6. Is féidir le haiseolas ó dhaoine fásta seachas múinteoirí cuidiú leis an scoláire a bheith níos réadúla faoina chonair ghairme/faoin obair a bheadh i gceist
7. Beidh moltóir agat do do CV, rud a d'fhéadfadh cuidiú leat obair a bhaint amach sa ghairm amach anseo/líonrú

- (d) Déan cur síos ar thrí fhoinsé eolais a d'úsáid tú agus imscrúdú ar do rogha gairme á dhéanamh agat. Tabhair cúis le gach foinse a roghnaigh tú. 9 marc  
Foinse + Cur Síos + Cúis 3@3m (1+1+1)

1. Múinteoir Treorach Gairme: is é seo an duine a gcuirfidh an scoláire coinne in áirithe leis nó léi chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí scrúduithe/oiriúnacht do ghairm/roghanna cúrsaí
2. Idirlíon/suíomhanna gréasáin m.sh. Tairseach Gairmeacha/Qualifax/CAO/suíomhanna gréasáin coláiste
3. Lá Oscailte/Aontaí Gairme: lá eagraithe chun caint le léachtóirí/mic léinn/ freastal ar léachtaí/féachaint ar shaoráidí/labhairt le mic léinn/léachtóirí/taispeántas gairmeacha m.sh. a roghanna, éagsúlacht institiúidí tríú leibhéal in aon áit amháin
4. Taithí Oibre/scáthfhoghlaím: is é seo an áit a bhfaighidh scoláire taithí ar na dualgaí laethúla a bhaineann leis an ngairm bheatha
5. Agallamh: trí bheith ag caint le duine a dhéanann an post seo is féidir leat ceistanna a chur m.sh. tuarastal, buntáistí agus míbhuntáistí an phoist
6. Réamheolaire an choláiste/bróisiúir/ailt nuachtáin/paimfléid/leabharlann
7. Féinmheasúnú/trialacha mianaigh: Is trialacha iad seo a dhéanann scoláirí chun foghlaim faoina n-inniúlachtaí/mianach i leith gairm bheatha ar leith / cuireann siad béim ar bhuanna pearsanta

### C.3 Domhan na hoibre.

- (a) Cén fáth a n-úsáidfeadh scoláire CV chun cur isteach ar phost? 4 mharc  
4 @1m

1. Achoimre a dhéanamh ar a shonraí pearsanta
2. Achoimre a dhéanamh ar a oideachas
3. Achoimre a dhéanamh ar a thaithí oibre
4. Achoimre a dhéanamh ar a ábhair spéise/ a chaitheamh aimsire srl
5. A thaispeáint don fhostóir ionchasach cén fáth ar chóir dó/di tú a fhostú/aird a tharraingt ar na scileanna a bhaineann leis an bpost
6. Tugann sé sonraí faoi mholtóirí ar féidir le fostóir ionchasach teagmháil a dhéanamh leo/chun oiriúnacht don phost a fhíorú
7. Bíonn do chuid eolais uile in aon áit amháin / chun imprisean maith a dhéanamh
8. Achoimre a dhéanamh ar an méid atá bainte amach aige

**(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a bhfuil domhan na hoibre difriúil leis an scoil.**

**4 mharc  
2@2mharc (1+1)**

1. Bíonn uaireanta níos faide/níos lú laethanta saoire ag an obair ná mar a bhíonn ar scoil
2. Bíonn obair níos praiticiúla ná scoil / tacar scileanna éagsúil ag teastáil / is minic a bhíonn scoil bunaithe ar theoiric
3. Bíonn níos mó éagsúlachta ag an obair ó lá go lá ná mar atá ar scoil
4. Bíonn níos mó oibre foirne le feiceáil ag an obair ná mar a fheictear ar scoil
5. Cuirtear éilimh éagsúla ort ag an obair / éagsúil leo siúd a chuirtear ort ar scoil
6. Mura bhfuil tú tiomanta go hiomlán san obair, b'fhéidir go bhfaighidh tú droch-athbhreithniú / go scaoilfear chun siúil thú as do phost. Ar scoil, gheobhaidh tú drochthuairisc/drochthorthaí
7. Íoctar thú ag an obair, ní íoctar thú as freastal ar scoil
8. Is minic a bhíonn TFC níos reatha san áit oibre ná mar a bhíonn sé ar scoil

**(c) Cén fáth ar cabhair é ról atá sainithe go soiléir a bheith ag duine san ionad oibre?**

**8 marc  
4 @ 2m (1+1)**

1. Ionas gur féidir an obair a roinnt / scileanna an fhostaí a mheaitseáil le post ar leith
2. Tá a fhios ag an oibrí cén maoirseoir/bainisteoir atá acu / níos lú maoirseachta
3. Tá a fhios ag an bhfostaí cén post atá acu agus tá a fhios ag gach duine cé as a bhfuil siad freagrach
4. Cuirefar obair i gcrích ar chaighdeán níos airde má dhíríonn fostaithe ar phoist ar leith nó ar a bhfuil siad go maith chuige/Táirgiúlacht
5. Níos lú díospóidí/marbhaill/níos lú leadráin
6. Gné sábháilteachta/cuirtear oiliúint ar fhostaithe le haghaidh post ar leith
7. Spreagadh/Meanma/atmaisféar níos fearr san áit oibre/níos lú struis

- (d) **Tabhair breac-chuntas ar thrí fhreagracht dhlíthiúla a bhíonn ar fhostóirí nuair a bhíonn oibrithe faoi bhun 18 mbliana d'aois á bhfostú acu.** **9 marc**  
**3@3m (1+1+1)**

1. Ní mór don fhostóir cóip dá theastas breithe/pas/pas/sábháilte/slán/cosaint sonraí a choinneáil
2. Ní mór taifid mhionsonraithe a choinneáil ar ainm/DOB/am tosaigh/am deiridh/ráta pá
3. Ní mór dóibh cloí leis an dlí maidir le huaireanta an chloig oibrithe-am tosaithe luath ar maidin/tráthnóna déanach ag críochnú/21 lá saoire le linn am téarma
4. Tá oibrithe óga i dteideal níos mó sosanna/30 nóiméad tar éis 4 uair an chloig(faoi 16)/4.5 uair an chloig (16&17)
5. Tá cead i scríbhinn ag teastáil le haghaidh daoine faoi 16/toiliú ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir
6. Ní mór póstaer ina sonraítear cearta daoine óga san ionad oibre a thaispeáint in áit chuí
7. An t-íosphá a chur ar fáil dóibh siúd atá faoi 18 (70% den íosphá, €9.45)
8. Ní mór dóibh cóip d'achomre oifigiúil ar an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) a sholáthar d'fhostaithe mar aon le sonraí maidir lena bhfostaíocht/a gconradh
9. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar fhostóirí gan ligean do dhaoine atá faoi 18 alcól nó toitíní a dhíol leis an bpobal
10. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – ag teastáil le haghaidh daoine atá os cionn 16 bliana d'aois agus iad ag obair le leanaí/le haosaigh leochaileacha

**C.4 Thug do rang Nascmhodúl cuairt ar fhiontar gnó áitiúil.**

**(a) Ainmnigh fiontar gnó ar thug tú cuairt air. Sainaithin an táirge/an tseirbhís a chuireann sé ar fáil.** **4 mharc**

Ainm an ghnólachta **2 mharc**

An Táirge/an tSeirbhís a chuireann sé ar fáil **2 mharc**

**(b) Tabhair breac-chuntas ar cheithre réimse thábhachtacha eolais a cuireadh in iúl duit le linn na cuairte sin.** **4 mharc**

**4 x 1 mharc**

**Ní bhronntar marc ar bith ar cheannteidil**

1. Cúlra/stair an fhiontraí
2. Cur síos ar an Táirge/an tSeirbhís
3. Margaíocht
4. Sláinte & Sábháilteacht
5. Soláthar Foirne
6. Airgeadas
7. Na dúshláin a bhí romham
8. Pleananna don todhchaí
9. Comhshaol/CSR/Inbhuanaitheacht
10. An próiseas Táirgthe/Déantúsaíochta
11. Srl

**(c) Céard iad na bearta ba cheart a dhéanamh le cinntiú go ndéantar an chuairt a eagrú agus a rith go héifeachtach?** **8 marc**

**4x2 (1+1)**

1. Teagmháil a dhéanamh leis an bhfiontar/dáta agus am a shocrú
2. Cead a fháil ón bpríomhoide/ó thuismitheoirí/duillíní ceada
3. Taighde a dhéanamh ar an gcuideachta/ceisteanna a ullmhú
4. Iarraidh ar an múinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar / na ceisteanna a ullmhaíodh / ar an bplean gníomhaíochta don lá
5. Iompar a shocrú/airgead a bhailiú
6. Na hábhair is gá a ullmhú don chuairt / ceistneoir / leabhar nótaí & peann
7. A chinneadh cé na rudaí a dhéanfaidh gach duine/róil a shannadh
8. Déanann an gnólacht an t-ullmhúchán is gá, ppe, powerpoint, leabhrán
9. Srl

- (d) Déan cur síos ar na dúshlán atá roimh an fiontar gnó seo agus conas is féidir iad a shárú. (9 marc)

Cur síos ar an dúshlán 1m

Bealach/bealaí chun an dúshlán a shárú 2m (1+1)

|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p><b>1. Maoiniú</b><br/>sreabhadh airgid/maoiniú a fháil/fiachas a bhainistiú<br/>Buiséadú ceart / monatóireacht a dhéanamh ar speansais / breathnú ar gach foinse/rogha malartach<br/>maoinithe/sceideal/straitéis<br/>aisíocaíochta a ullmhú<br/><b>Conas an dúshlán a shárú</b><br/>costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir/ caibidlíocht a dhéanamh le soláthraithe/idirbheartaíocht a dhéanamh le tiarnaí talún ar chíos/idirbheartaíocht a dhéanamh le bainc maidir le rátaí úis/aisíocaíochtaí athstruchtúraithe/oibrithe a dhéanamh iomarcach</p> | <p><b>2. Soláthar Foirne</b><br/>foireann a choinneáil/foireann nua a fháil/bearna scileanna i ngnólacht a líonadh<br/><b>Conas an dúshlán a shárú</b><br/>Pá maith a thabhairt/roghanna maithe bónais/timpeallacht mhaith oibre/comhpháirtíocht a dhéanamh le hollscoileanna/coláistí<br/>infheistíocht a dhéanamh in oiliúint fostaithe/fruiliú sealadach daoine aonair a bhfuil na scileanna riachtanacha acu a mheas</p>                                                       |
